

Siúlóid *Ability West*

Bunaíodh an eagraíocht Ability West i gcathair na Gaillimhe i 1963 chun cuidiú le daoine a bhfuil míchumais meabhrach orthu a gcuid aidhmeanna agus a mianta saoil a bhaint amach. Ó 1974 i leith, tá cúig Ionad Oideachais agus Forbartha do Leanáí bunaithe ag an éagraíocht ar fud an chontae agus cuireann siad sin oideachas agus oiliúint speisialta ar fáil do dhaltaí go mbeidh siad ocht mbliana déag d'aois. Tá ceann de na hIonaid sin lonnaithe ar an gCeathrú Rua.

Chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do Ability West, eagraítear siúlóidí agus imeachtaí ar fud an chontae chuile bhliain agus ar an leathanach seo tá pictiúir ón ócáid a bhí i gceantar Chois Fharraige níos luaithe i mbliana.

